



Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

Tuarascáil Bhliantúil 2012



Clár Ábhar

An NDFA - Ról agus Feidhmeanna	4
Forbhreathnú ar 2012	5
Dul Chun Cinn ar Thionscadail ina Bhfeidhmíonn nn NDFA:	
Mar Údarás Soláthair, Comhairleoir Airgeadais agus Mar Bhainisteoir Conartha	9
Mar Chomhairleoir Airgeadais	18
Rialachas	24
Aguisíní	
Liosta na nÚdarás Stáit	26
Ráitis Airgeadais	29



Gníomhaireacht Náisiúnta
d'Fhorbairt Airgeadais

National Development
Finance Agency

An 28 Meitheamh 2013

An tUasal Michael Noonan, T.D.
An tAire Airgeadais
Tithe an Rialtais
Sráid Mhuirfean Uachtarach
Baile Átha Cliath 2

A Aire, a chara,

Is mór on onóir dom Tuarascáil agus Cuntais na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha
Airgeadais don bhliain ón 1 Eanáir 2012 go dtí an 31 Nollaig 2012 a chur faoi do bhráid.

Is mise, le meas,

John C. Corrigan
Cathaoirleach

Baill Den Bhord



John Corrigan

Cathaoirleach
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin,
Gníomhaireacht Bainistíochta an
Chisteáin Náisiúnta



Brian Murphy

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Stiúrthóir, Gníomhaireacht
Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



Fred Barry

(téarma éagtha an 1 Bealtaine 2012)
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an
tÚdarás um Bóithre Náisiúnta



Liam Berney

(téarma éagtha an 1 Bealtaine 2012)
Oifigeach Tionsclaíoch, Comhdháil
na gCeardchumann



Ann Fitzgerald

(téarma éagtha an 31 Nollaig 2012)
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin,
an Ghníomhaireacht Náisiúnta do
Thomhaltóirí*



Stewart Harrington

(téarma éagtha an 1 Bealtaine 2012)
Stiúrthóir, Killeen Properties Limited



Tony Jones

(téarma éagtha an 31 Nollaig 2012)
Sainchomhairleoir Gnó



Peter McManamon

(téarma éagtha an 31 Nollaig 2012)
Cathaoirleach, Ceva Inc



Gerry Murray

(ceaptha an 18 Iúil 2012)
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin,
Institiúidí Teicneolaíochta na
hÉireann



Petrina Smyth

(ceaptha an 18 Iúil 2012)
Comhpháirtí Cánach,
Dlíghnólacht Walkers Ireland



Robert Watt

(ceaptha an 18 Iúil 2012)
Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais
Phoiblí agus Athchóirithe

Chas an Bord ar a chéile 8 n-uaire in 2012

* Chuaigh Ann Fitzgerald ar scor ón nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí i nDeireadh Fómhair 2012

An Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais – Ról agus Feidhmeanna

Bunaíodh an Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (an NDFA) an 1 Eanáir 2003 i gcomhréir leis an Acht um Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, 2002 chun seirbhís reachtúil a sholáthar d'Údarás Stáit maidir le tionscadail chaipitiúla os cionn méid áirithe – €20 milliún faoi láthair – faoi na treoirlínte a d'eisigh an tAire Airgeadais. Ní mór gach tionscadal atá á soláthar trí Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPPanna) a chur ar aghaidh chuig an NDFA le comhairle a fháil orthu, beag beann ar a méid. Cuireann an NDFA a bhfeidhmeanna i gcrích trí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an NTMA). Sular bunaíodh an NDFA, ní raibh aon saineolas seanbhunaithe inti ar airgeadas tionscadal ar fáil ag an rialtas. Ina ionad sin, thugtaí grúpaí comhairleacha agus saineolaithe eile le chéile chun comhairle a chur ar fáil ar thionscadail aonair. Nuair a chríochnaí gach tionscadal, chuirte deireadh leis an bhfoireann tionscadail agus chaillte an corpas eolais agus an saineolas taobh istigh den tseirbhís phoiblí, nach mór.

D'fhoilsigh an Rialtas a gcinneadh le "Ionad Saineolais" a bhunú laistigh den NDFA in Iúil 2005. Rinne an tAcht um an NDFA (Leasú), 2007, leathnú suntasach ar ról na Gníomhaireachta chun soláthar iarbhair na dtionscadail caipitil poiblí CPP go léir a chuimsiú, seachas tionscadail iompair, rudáí atá á soláthar cheana féin i sainorduithe na nÚdarás Stáit iompair ábhartha agus CPPanna na nÚdarás Áitiúil.

Cuireann an fheidhm sholáthair leis an bhfeidhm chomhairle atá bunaithe cheana féin taobh istigh den NDFA agus bíonn sé á rialú chomh maith le treoirlínte a eisíonn an tAire Airgeadais. Cuireann samhail an tionscadail chomhtháite bhainistíochta airgeadais/soláthair ar chumas na Gníomhaireachta cur chuige aontaithe a chruthú i leith seachadadh tionscadal a oireann don mhargadh.

Is é líon iomlán na foirne san NDFA daichead a sé duine faoi láthair. Fostaithe den NTMA iad gach duine d'fhoireann an NDFA, agus tá siad fostaithe ag an NDFA.

I measc na bpríomhsheirbhísí a sholáthraíonn an NDFA tá an méid a leanas:

- comhairle airgeadais, ar rioscaí agus ar árachas.

Sa bhreis ar Thionscadail CPP, tá:

- Tagarmharcanna na hEarnála Poiblí (is costáil chuimsitheach a dhéantar a choigeartú de réir riosca, lánsaoil de chuid tionscadail an Tagarmharc seo faoi choinníollacha traidisiúnta soláthair, léirithe mar fhigiúr airgeadaíoch amháin)
- ullmhú cáipéisí conartha
- an tionscadal a chur ar tairiscint
- réamhcháilliú na gcuibhreasas forthairgeora
- measúnú a dhéanamh ar thairiscintí
- roghnú na dtairiscintí tosaíochta
- idirbheartaíocht chonartha
- measúnú ar luach ar airgead
- síniú conarthaí CPP ar son na Roinne Rialtais/na Gníomhaireachta Stáit
- monatóireacht a dhéanamh ar thógáil an tionscadail
- riar an chonartha go dtí an "chéim lándéanta" agus tabhairt ar ais i rith idirthréimhse chéimnitheach don ghníomhaireacht urraithe

Agus a ndualgais á gcur i gcrích, ceanglaítear ar an NDFA aird chuí a thabhairt ar an treoir agus ar na treoracha a eisíonn an tAire Airgeadais maidir le maoiniú agus soláthar tionscadail infheistíochta phoiblí, go háirithe na *Treoirlínte d'Údarás Stáit maidir leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (2007)*, na *Treoirlínte maidir le Measúnú agus Bainistíocht Tograí Caiteachais Caipitil san Earnáil Phoiblí (2005)*, an *Creatbheartas Náisiúnta Soláthair (2005)*, na *Treoirlínte maidir le Soláthar Bonneagair agus Infheistíochtaí Caipitil trí Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha (2001)* agus conarthaí agus treoir ó Choiste Conarthaí Tógála an Rialtais.

Imeachtaí ó dháta an chláir chomhardaithe i leith

I Meitheamh 2013, d'fhógair an Rialtas tograí reachtúla chun rialachas corparáideach an NTMA agus a ngníomhaireachtaí gaolmhara a chuíchóiriú. Is éard a bheidh i gceist leo seo ná chun Bord uileghabhálach an NTMA a bhunú a mbeidh an tAire Airgeadais freagrach as, mar aon le díscáileadh an Choiste Chomhairligh, Choiste Beartais Éileamh an Stáit, Choimisiún an NPRF agus Bhord an NDFA.

Forbheathnú ar 2012

Fógraíodh Clár Spreagtha Bonneagair in Iúil 2012

Chuir na dúshláin airgeadais agus fhioscacha a bhí i ngeilleagar na hÉireann le roinnt blianta anuas tús le laghdú suntasach ar chaiteachas poiblí ar bhonneagar. Ar a shon sin, in Iúil 2012, d'fhógair an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Brendan Howlin, T.D., ar son an Rialtais gurbh ann do Chlár Spreagtha Bonneagair €2.25 billiún a bhí dírithe ar phoist agus ar bhorradh a chur chun cinn.

Cuirfidh an clár spreagtha seo infheistíocht ar fáil i réimse tionscadail thábhachtacha agus áirítear leis infheistíocht €1.4 billiún i gComhpháirtíochtaí Poiblí Priobháideacha (CPP). Táthar ag súil leis go dtiocfaidh cistiú na CPPanna ón mBanc Eorpach Infheistíochta (EIB), Cúlchiste Náisiúnta Pinsean na hÉireann (NPRF), bainc intíre, foinsí eile féideartha cistithe, ar nós cistí pinsin, agus cuirtear an clár seo sa mhullach ar an gclár infheistíochta reatha atá á chistiú ag an Státchiste.

Díreofar an infheistíocht bheartaithe CPP i dtreo tionscadal a chomhlíonann príomhriachtanais bhonneagracha agus atá ar aon dul leis na tosaíochtaí a shainaithnítear i gCreat Infheistíochta an Rialtais, a chuimsíonn oideachas, sláinte, ceartas agus iompar.

Beidh an NDFA freagrach as na trí CPP oideachais a sholáthar, a mhéid le dhá CPP sláinte agus dhá/ trí thionscadal CPP ceartais ag a bhfuil luach measta caipitiúil thart ar €650 milliún. Beidh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (NRA) freagrach as na tionscadail éagsúla CPP bóithre a sholáthar, ar fiú agus thart ar €750 milliún iad. Gníomhóidh an NDFA mar chomhairleoir airgeadais thar an gclár CPP go léir.

Gníomhaíochtaí an NDFA in 2012

Baineadh garsprioc amach an 9 Samhain 2012 nuair a bhronn an NDFA, agus iad ag feidhmiú mar ghníomhaire soláthair ar son an Aire Oideachais agus Scileanna, an conradh CPP le haghaidh CPP an tríú Beart do Chomharchumann Bonneagair CPP BAM/ PGGM, ar comhfhiontar iad idir CPP BAM agus PGGM, riarthóir ciste pinsin na hÍsiltíre.

Ba é seo an chéad mhargadh CPP Éireannach a síníodh ó d'iontráil Éire i gclár an AE/IMF in 2010. Is éard a bhí i gceist leis an struchtúr cistithe don tionscadal rannpháirtíocht an BIE agus Bhanc na hÉireann mar aon le tacaíocht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean.

In Aibreán 2013, bhain Tionscadal CPP an N11 (tionscadal bóthair an Inbhir Mhóir-Ráth Naoi, a chuimsigh uasbhealach Chrois an Fhearainn Nua) críoch airgeadais amach. Ba iad an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta an t-údarás soláthair agus ba iad an NDFA an comhairleoir reachtúil airgeadais don tionscadal. Ina theannta sin, bhí an lucht agus an struchtúr céanna cistithe ag an tionscadal seo agus a bhí ag an tríú Beart Scoileanna agus bhí riarthóir ciste pinsin PGGM na hÍsiltíre sa chuibhreannas.

Tá an chéim thógála don dá thionscadal anois ar bun. Áirítear le CPP an tríú Beart Scoileanna, ocht scoil a thógáil, a bheidh in ann glacadh le daltaí in 2014. Tá CPP an N11 le bheith curtha i gcrích in 2015. Meastar go soláthróidh gach tionscadal fostaíocht do idir 1,000 agus 1,100 duine.

I Márta 2012, d'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna sonraí faoi 219 tionscadal nua tógála scoileanna mar chuid de chlár infheistíochta tosaíochta €2 billiún a mhairfidh cúig bliana. Iarradh ar an NDFA gníomhú ar son na Roinne Oideachais agus Scileanna agus thart ar ocht scoil déag a sholáthar agus a sheachadadh laistigh den chlár seo, anuas ar chlár CPP na scoileanna. Tá tairiscint don chlár seo ar bun cheana féin agus meastar go gcuirfear tús tógála leis na chéad tionscadail faoi dheireadh 2013.



Chuaigh Ann Fitzgerald ar scor ón nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí i nDeireadh Fómhair 2012

An 1 Deireadh Fómhair 2012, ghlac an NDFA, ar iarraidh na Roinne Oideachais agus Scileanna, ceannas ar chonradh bainistíochta na 15 scoil oibríochtúla CPP. Is éard atá i gceist leis seo ná monatóireacht a dhéanamh ar sheachadadh na seirbhísí bainistíochta fónas ag na cuideachtaí CPP laistigh den bhunbheart Píolótach CPP (a síníodh in 2003), an Chéad Bheart Scoileanna (2009) agus an Dara Beart Scoileanna (2010). Déanann an NDFA, agus leas á bhaint as a saineolas teicniúil agus airgeadais, comhaontú ar an fíoríocht deiridh Aonadach maidir leis na scoileanna seo ar bhonn míosúil lena moladh don Roinn Oideachais agus Scileanna.

Cistiú tionscadal in 2012

Lean an ghéarchéim Eorpach airgeadais trí 2012, agus lean laghdú ag teacht ar an líon iomlán margai CPP a cuireadh i gcrích ar fud an réigiúin. Tosca iad déine, cúlú, neamhchinníocht agus éagobhsaíocht sa RA agus i limistéar an Euro, margai athraitheacha bainc agus struchtúir nua chistithe nár cruthaíodh go fóill, agus chuir siad le moilleanna ar fud na hEorpa agus críoch airgeadais á bhaint amach le haghaidh tionscadal agus le píblínte laghdaithe tionscadail a bhaint amach. Leanann an fháil ar chaipiteal inacmhainne fadtéarma bheith mar shaincheist le haghaidh roinnt rialtais Eorpacha.

Leanann an NDFA le dul i dteagmháil le lucht féideartha idirnáisiúnta agus intíre cistithe a bhí as láthair ó mhargadh na hÉireann ó thit an ghéarchéim airgeadais amach i dtosach agus leanann siad le foinsí traidisiúnta agus eile cistithe a lorg le haghaidh infheistíocht chaipitiúil.

D'éascaigh an NDFA, i gcomhar leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an Roinn CPA), plé idir an BIE agus líon Ranna Rialtais maidir le soláthar iasachtaí díreacha don Stáchtiste, lena n-áirítear iasacht dhíreach €100 milliún don Stáchtiste chun

clár tionscadail tógála scoileanna a mhaoiniú agus iasacht bhreise Stáchtiste €100 milliún a sholáthar i Samhain 2012 chun líon tionscadail uisce/fuíoilluisce a pháirtmhaoiniú. In Aibreán 2013, d'fhaomh Bord an BIE an dara tráinse d'iasacht Stáchtiste le haghaidh €100 milliún, chun tógáil tionscadail scoileanna Éireannacha neamhCPP a pháirtmhaoiniú. Síníodh an iasacht seo i Meitheamh 2013 idir an BIE agus an NTMA.

Ina theannta sin, chuir an NDFA tús le plé le Banc Forbartha na Comhairle Eorpaí (BCE), a chuireann cistiú ísealchostais ar fáil do thionscadail i réimse earnálacha, lena n-áirítear sláinte, oideachas agus tithíocht shóisialta. I Márta 2013, d'fhaomh Comhairle Riaracháin BCE iasachtaí ar fiú €41 milliún iad ar an iomlán a bhí le soláthar do thionscadal príosúin Chorcaí agus don tSaoráid Náisiúnta Coinneála Leanaí.

Measúnú margaidh an NDFA

Ó fógraíodh an Pacáiste Spreagtha in Iúil 2012, chas an NDFA le rannpháirtithe féideartha, lena n-áirítear lucht cistithe, infheisteoirí gnáthscaire, conraitheoirí agus soláthróirí seirbhíse gairmiúla chun feasacht agus tacaíocht a chruthú ar sheachadadh an Chláir Spreagtha Bonneagair.

Bhí an NDFA, i gcomhar leis an bpríomhfhoilsitheoir idirnáisiúnta gnó Feasachán CPP, ina n-óstaigh ar sheimineár an 21 Márta 2013 a bhí dírithe ar na dúshláin seachadta agus mhaoinithe a bhí i leith chlár CPP na hÉireann.

Leanann an NDFA le teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Airgeadais agus bealaí a lorg leis an bpróiseas CPP a chuíchóiriú agus chun lucht urraithe agus infheistíochta a mhealladh. I Nollaig 2012, rinne Rialtas na hÉireann an cinneadh, ar bhonn sealadach agus eisceachtúil, go ndéanfaí roinnt aisíocaíochta de na costais tairgthe le haghaidh tionscadail chóirithe sa Chlár CPP nua.

Tionscadail CPP ina raibh an NDFA mar an Údarás Sannta Soláthair

Gníomhóidh an NDFA mar an údarás sannta soláthair le haghaidh na CPPanna cóiríochta bunaithe ar fháil chaighdeánach a dtugtar breac-chuntas orthu i gClár Spreagtha Bonneagair 2012¹ a ndéantar cur síos air thíos (tá gach CPP i gcéim phleanála agus indéantachta faoi láthair):

1. Oideachas – déanfar €300 milliún a infheistiú sa mhéid a leanas:

- Dhá Scoil Déag a sheachadadh in dhá bheart le nós imeachta singil réamhcháilíochta. Eisíodh fógra Irisleabhar Oifigiúil an AE (an OJEU) ag tús Mheitheamh 2013. Tá dearáí samplacha á bhforbairt ag an NDFA le haghaidh gach ceann de na suíomhanna agus daingneoidh siad ceadanna iomlána pleanála sula gceapfar an rogha forthairgeora do gach beart.
- Campas Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ag Gráinseach Ghormáin: Tá dhá mhórfhoirgneamh ann i ngné CPP fhorbairt an champais a chuireann spás teagaisc 57,000m² ar fáil. Meastar go mbronnfar an fhorbairt CPP mar thionscadal singil agus eiseofar fógra an OJEU i ráithe 3 de 2013.

2. Sláinte – déanfar €115 milliún a infheistiú sa mhéid a leanas:

Tá thart ar fhiche Ionad Cúraim Phríomhúil le soláthar trí chreat amháin nó dhá chreat soláthróir singil. Ní bheidh soláthar seirbhísí a bhaineann le LG nó cúram sláinte i gceist leis na tionscadail CPP atá le foinsíú agus le soláthar ag FSS. Tá FSS ag oibriú, faoi láthair, le cead iomlán pleanála a chinntiú, bunaithe ar dhearáí samplacha le haghaidh gach ceann de na suíomhanna a sainaitníodh. Tá fógra an OJEU beartaithe le bheith eisithe i ráithe 3 de 2013.

3. Ceartas – déanfar €190 milliún a infheistiú sa mhéid a leanas:

- Trí Cheanncheathrú roinne de chuid an Gharda Síochána i mBaile Átha Cliath, Gaillimh, Loch Garman ar dócha go ndéanfar iad a sholáthar mar thionscadal singil.
- Seacht bhforbairt Teach Cúirte i gCorcaigh, Droichead Átha, Leitir Ceanainn, Luimneach, an Muileann gCearr, Loch Garman agus Port Láirge. Tá sé beartaithe é seo a sholáthar trí nós imeachta réamhcháilíochta singil le rochtain ar dhá bheart de thrí nó ceithre chúirt.

Is iad Oifig na nOibreacha Poiblí an príomhchomhairleoir teicniúil don chlár Ceartais CPP. Cinnteoidh an lucht urraithe do na tionscadail seo ceadanna pleanála do gach suíomh roimh fhoilsiú fhógraí conartha an OJEU, a bhfuiltear ag súil leo níos déanaí in 2013/go luath in 2014.



Foirgneamh scoile nua – íomhá an ealaíontóra

1. Gníomhóidh an NDFA mar chomhairleoir airgeadais, chomh maith, do na tionscadail Iompair a fhógraítear sa Chlár Spreagtha Bonneagair.

Tionscadal ina bhfuil an NDFA mar Chomhairleoir Airgeadais

Gníomhaíonn an NDFA mar Chomhairleoir Airgeadais ar gach tionscadal cóiríochta CPP a shonraítear thuas, ar na CPPanna iompair agus ar na tionscadail thraidisiúnta a shonraítear thíos:

- Mar chomhairleoir airgeadais, oibríonn an NDFA leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta (NRA) i soláthar a ndara clár CPP bóithre. Bhain scéim an N11 (an tInbhear Mór-Ráth Naoi, a chuimsigh Crois an Fhearainn Nua) críoch airgeadais amach in Aibreán 2013 agus lean an NDFA ar aghaidh le plé leis an rogha forthairgeora do scéim an N17/N18 (an Gort-Tuaim) féachaint le críoch airgeadais a bhaint amach i ráithe 4 in 2013. Ina theannta sin, sheol an NRA le déanaí an tríú scéim sa dara clár CPP bóithre (N25 Sheachbhóthar Ros Mhic Thriúin) agus meastar go seolfar an ceathrú scéim (M11 Ghuaire/Inis Córthaidh) an samhradh seo.
- Tá an NDFA ag gníomhú mar chomhairleoir airgeadais d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar líon tionscadail thraidisiúnta sláinte atá sa chéim phleanála agus dheartha, lena n-áirítear athlonnú na Seirbhísí Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí chuig Naomh Ita i bPort Reachrann, an tIonad Sármhaitheasa um Aosú Folláin ag Ospidéal Naomh Séamas agus an tOspidéal Náisiúnta Péidiatraiceach.

- Tá an NDFA ag gníomhú mar chomhairleoir airgeadais do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar líon tionscadail dramhaíola agus uisce, lena n-áirítear Tionscadal CPP an Phoill Bhig, Tionscadal Sínte Oibreacha Cóireála Fuíolluisce na Rinne agus Tionscadal LSOT na Rinne.
- Leanann an NDFA le comhairle airgeadais a chur ar fáil ar líon tionscadail eile thábhachtacha bhonneagair sna hearnálacha iompair, sláinte, dramhaíola agus uisce. Cabhróidh na tionscadail seo le feabhas a chur ar tháirgiúlacht agus iomaíocht náisiúnta, mar aon le tacú le fostaíocht inmharthana agus chun bonneagar rithábachtach a sheachadadh do riachtanais shóisialta agus chomhshaoil.



Dul chun cinn ar Thionscadail ina nGníomhaíonn an NDFA mar Údarás Soláthair, Comhairleoir Airgeadais agus Bainisteoir Conartha

Clár Oideachais

Clár CPP Scoileanna: Forbhreathnú

D'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna an 29 Meán Fómhair 2005, plean chun 23 iar-bhunscoil nua agus ceithre bhunscoil nua a sholáthar trí CPP (an Clár Scoileanna). Chuir an NDFA comhairle airgeadais ar fáil agus ba iad a bhí freagrach as gach gné de sholáthar na dtionscadal aonair a sheachadadh laistigh den chlár €300 milliún seo. Cuireadh an ceathrú agus an cúigiú beart scoileanna san áireamh sa Chlár Spreagtha Bonneagair in Iúil 2012. I nDeireadh Fómhair 2012, ghlac an NDFA, ar iarraidh na Roinne Oideachais agus Scileanna, ceannas ar chonradh bainistíochta oibríochtaí agus chothabháil na scoileanna oibríochtúla CPP.

An Chéad agus an Dara Beart Scoileanna CPP

Soláthraíonn an chéad Bheart CPP scoileanna, dearadh, tógáil, maoiniú agus cothabháil (DBFM) 2,700 áit scoláire ag ceithre scoil nua atá lonnaithe i Laois agus Uíbh Fhailí. Bronnadh an conradh ar Macquarie Partnerships for Ireland (MPFI) agus bhain siad críoch airgeadais amach i Márta 2009. Baineadh tosú seirbhíse amach sna ceithre scoil uile i Meán Fómhair 2010.

Is sé scoil atá sa dara beart scoileanna CPP atá i gcontaetha Chorcaí, Luimnigh, Chill Dara, Chill Mhantáin agus na Mí agus cuireann sé cóiríocht ar fáil do 4,700 dalta. Bronnadh an conradh ar Macquarie Partnerships for Ireland (MPFI) agus bhain siad críoch airgeadais amach i Meitheamh 2010. Cuireadh tógáil agus seachadadh gach scoile sa bheart seo i gcrích sula rabhthas ag súil leis le linn 2011, agus cuireadh an scoil deiridh i gcrích i nDeireadh Fómhair 2011.

An Tríú Beart Scoileanna

Is éard atá i gceist leis an tríú beart scoileanna ocht scoil lena mbainfidh meascán de scoileanna nua agus ionaid agus cuirfidh siad cóiríocht ar fáil do thart ar 5,700 scoláire. Tá na scoileanna seo lonnaithe i gContae Dhún na nGall, na Gaillimhe, Liatroma, Luimnigh, Phort Láirge, na hIarmhí agus Loch Garman.

Bhain an tionscadal seo críoch airgeadais amach i Samhain 2012 agus bronnadh an conradh ar CPP BAM/ Comharchumann Bonneagair PGGM. Cuireadh tús láithreach le hobair thógála díreach tar éis an conradh a shíniú. Cuirfidh na hocht scoil sa bheart cóiríocht ar fáil do thart ar 5,700 dalta. Tá na scoileanna le hoscailt ar bhonn céimnitheach idir Samhain 2013 agus Aibreán 2014.



Síniú conartha, an Tríú Beart Scoileanna, Samhain 2013

Dul chun cinn ar an Tríú Beart Scoileanna



Baile Átha Luain



Béal an Átha Móir



Dún Bleisce



Dabhach Uisce



Guaire



Leitir Ceanainn



Trá Mhór

An Ceathrú Beart Scoileanna

Fógraíodh an ceathrú beart de shuíomhanna scoileanna CPP an 17 Iúil 2012 mar chuid d'fhógairt an Phacáiste Spreagtha Bonneagair agus atreoraíodh an tionscadal chuig an NDFA i Lúnasa 2012. Is éard atá sa bheart bunscoil agus iar-bhunscoil i gCill Dara agus ceithre iar-bhunscoil sa Chlár, i gCorcaigh, Lú agus i dTiobraid Árann. Cuirfidh an beart cóiríocht ar fáil do thart ar 4,000 dalta.

Ceapadh comhairleoirí teicniúla agus dlí agus tá réiteach na ndearaí samplacha agus na n-iaratas pleanála ar bun faoi láthair.

Tá tús curtha le soláthair an tionscadail seo agus foilsíodh fógra an chonartha san OJEU i Meitheamh 2013.

An Cúigiú Beart Scoileanna

D'fhógair an tAire Oideachais an cúigiú beart suíomhanna scoileanna an 3 Bealtaine 2013 agus cuirfidh seo cóiríocht ar fáil do thart ar 4,650 dalta. Áirítear leis an mbeart bunscoil agus iar-bhunscoil i gCill Mhantáin agus dhá iar-bhunscoil sa Mhí agus i Loch Garman. Déanfar coláiste Gairmoideachais i mbaile Cheatharlach a bhfuil cúrsaí lar-Ardteistiméireachta á soláthar acu mar aon le hoideachas dara leibhéal, a ionadú le dhá institiúid nua. Is éard a bheidh sa chomhchamps bunscoil agus coláiste breisoideachais, agus freastalóidh gach ceann díobh ar 1,000 dalta.

Tá tús curtha le soláthair an tionscadail seo agus foilsíodh fógra an chonartha san OJEU i mBealtaine 2013 agus tá cáipéisí tairisceana le heisiúint níos déanaí sa bhliain.

An Clár CPP Oideachais Tríú Leibhéal

Campas DIT ag Gráinseach Ghormáin

I Meán Fómhair 2010, sheol an Rialtas mórtionscadal nua forbartha bonneagair a chuimseoidh áiseanna úrscothacha meabhairshláinte, campas a saintógadh le haghaidh DIT mar aon le réimse fónais phoiblí, le tógáil ar thailte Ospidéal Naomh Breandán i nGráinseach Ghormáin i mBaile Átha Cliath 7. I measc gnéithe den fhorbairt seo tá “Campas DIT ag Gráinseach Ghormáin – Clár CPP na Cearnóige Thoir agus Lár Tíre”, ar féidir tabhairt faoi mar Chomhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach (CPP).

Gníomhaíochtaí agus fónais acadúla a bheidh sa Cearnóg Láir (Bia, Eolaíochtaí, Sláinte agus Innealtóireacht) a theastaíonn ó dheich scoil ó Choláiste na nEolaíochtaí agus Sláinte, Coláiste na hInnealtóireachta agus an Chomhshaoil Thógtha agus ó Choláiste na nEalaíon agus na Turasóireachta. Déanfar na scoileanna seo agus a bhfónais

ghaolmhara acadúla, teagaisc agus speisialtóra a ghrúpáil laistigh den Cearnóg Láir chun na tairbhí agus na héifeachtúlachtaí a uasmhéadú do DIT ó dhisciplíní agus feidhmeanna a lonnú le chéile.

Cuimseofar sa Cearnóg Thoir (Coláiste na nEalaíon agus na Turasóireachta) formhór na ngníomhaíochtaí agus na bhfónais acadúla a theastaíonn ó gColáiste Ealaíon agus Turasóireachta ina bhfuil seacht scoil faoi láthair, a ndéanfar cúig cinn díobh a chuimsiú laistigh d'fhoirgneamh na Cearnóige Thoir.

Is iad an tÚdarás Ceadaithe don tionscadal seo an Roinn Oideachais agus Scileanna. Is iad Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin (GDA) an Ghníomhaireacht Urraithe. Is iad an NDFA an comhairleoir airgeadais agus an comhlacht soláthair don Tionscadal seo. Is iad DIT a bheidh mar úsáideoir deiridh na háise.



Baill den Fhoireann Tionscadail ón NDFA, GDA, DIT agus comhairleoirí teicniúla



Campas DIT ag Gráinseach Ghormáin – íomhá ealaíontóra



An 14 Márta 2012, thug an Bord Pleanála faomhadh don scéim pleanála do cheathrú nua uirbeach Ghráinseach Ghormáin atá suite i mBaile Átha Cliath 7. Is í an fhorbairt, a chuireadh an dá chearnóg CPP agus foirgnimh eile oideachasúla agus sláinte, mar aon le fónais spóirt, chaitheamh aimsire agus phoiblí eile, an chéad cheann dá leithéid le faomhadh mar Chrios Forbartha Straitéisí (SDZ) i gCathair Bhaile Átha Cliath.

Cheap an GDA/an NDFA comhairleoirí teicniúla don tionscadal i Nollaig 2012 agus ceapadh comhairleoirí dlí go luath in 2013.

Meastar go gcuirfear tús le soláthair an tionscadail seo le foilsiú fhógra an chonartha san OJEU ag deireadh ráithe 3/go luath i ráithe 4 in 2013.



FEIDHMEANNACHT NA SEIRBHÍSE SLÁINTE

Ionaid Chúraim Phríomhúil

Is éard atá i gceist le tionscadal na nIonad Cúraim Phríomhúil soláthar beartaithe líonra d'ionaid chúraim phríomhúil. Measann FSS go mbeidh forbairt ionaid chúraim phríomhúil ina mórghné i gcomhcheangal seirbhísí príomhúla, pobail agus cúraim leantaigh agus sóisialta ar fud réigiúin FSS agus gur cheart go ndéanfaidís ionadaíocht don phointe fócais do sholáthar na seirbhísí siúd.

Shainaithin FSS tríocha a cúig láthair fhéideartha le breithniú a dhéanamh orthu mar ionaid chúraim phríomhúil agus meastar go roghnófar thart ar fhiche ceann de na suíomhanna seo agus go dtabharfar chun an mhargaidh iad trí CPP. Déanfar breithniú ar na láithreacha eile do chéimeanna den phróiseas CPP ag tráth níos déanaí nó do chéimeanna a dhéanfar a sheachadadh ag bealaí soláthair eile.

Chuir an NDFA tús le páirtíocht le FSS ar an CPP beartaithe agus cheap FSS comhairleoirí teicniúla don chéad chéim d'fhorbairt an tionscadail. Tá sé ina sprioc cead iomlán pleanála a fháil go luath in 2013 tar éis fógra an chonartha a fhoilsiú san OJEU in H2 in 2013.

AN ROINN DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS (RDCC)

Bearta Dlí agus Cirt do Thithe Cúirte agus do Cheanncheathrúna Roinne an Gharda Síochána

D'fhógair an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an CPP Dlí agus Cirt mar chuid de phacáiste spreagtha níos fairsinge in Iúil 2012.

Is éard a bheidh i gceist leis na Bearta Dlí agus Cirt ná forbairt a dhéanamh ar an méid a leanas:

- Foirgnimh nua roinne cheanncheathrú an Gharda Síochána i mBaile Átha Cliath Lár Theas, Gaillimh agus Loch Garman mar aon le bainistíocht oiriúnach fóntas agus seirbhísí cothabhála do gach ceann de na fónais seo a leanas;
- Foirgnimh theach cúirte nua i gceithre láthair: Droichead Átha, Leitir Ceanainn, Luimneach agus Loch Garman agus athchóiriú agus síneadh a dhéanamh ar thithe cúirte i gCorcaigh, an Muileann gCearr agus Port Láirge, i gcomhar leis an mbainistíocht oiriúnach fóntas agus seirbhísí cothabhála do gach ceann de na fónais seo.

Meastar, faoi láthair, go soláthrófar an clár dlí agus cirt, ar fiú €190 milliún é, mar bheart amháin de cheanncheathrúna roinne an Gharda Síochána agus beart amháin nó dhá bheart de thithe cúirte.



Foirgnimh nua roinne Cheanncheathrú an Gharda Síochána – íomhánna an ealaíontóra





Is iad an tÚdarás Ceadaithe don tionscadal an RDCC. Is iad an Garda Síochána agus an tSeirbhís Chúirteanna na Gníomhaireachtaí Urraithe, faoi seach. Is iad Oifig na nOibreacha Poiblí an príomhchomhairleoir teicniúil.

Tá sé beartaithe faoi láthair go bhfoilseofar an chéad fhoilsiú d'fhógra an chonartha san OJEU le haghaidh na mBeart Dlí agus Cirt go déanach in 2013/go luath in 2014.



Foirgneamh teach cúirte i Loch Garman – íomhánna an ealaíontóra



Ról Beartaithe mar Údarás Soláthar le hAghaidh Tionscadail Tógála Scoileanna Neamh-CPP

Clár Traidisiúnta Scoileanna: Forbhreathnú

I Márta 2012, d'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna sonraí faoi 219 tionscadal nua tógála scoileanna a thosófar le linn na gcúig bliana amach romhainn mar chuid de chlár infheistíochta caipitil €2 billiún. Tá na tionscadail seo sa bhreis ar na 56 mórthionscadal tógála scoile a fógraíodh cheana féin le haghaidh 2012. Agus an clár á fhógairt aige, dúirt an tAire Quinn, "Cruthóidh an infheistíocht seo 15,000 post measta díreach agus 3,000 post indíreach i gcaitheamh thréimhse an chlár (meán bliantúil 3,000 post díreach agus 600 post indíreach)."

Áirítear le plean cúig bliana na Roinne líon modhanna malartacha chun tionscadail a sheachadadh. Cabhróidh an NDFA, mar aon le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW), Coistí Gairmoideachais (VEC) agus Comhairlí Contae leis an Roinn maidir le seachadadh breis agus 80 mórthionscadal scoile.

Beidh an clár tacaíochta seo ag an NDFA sa bhreis ar an gclár CPP scoileanna, a ngníomhaíonn an NDFA ina leith go fóill mar an ngníomhaire soláthair agus seachadta.

Tá éileamh méadaitheach ar fhoirgnimh oideachais tugtha faoi deara ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Ní féidir leis an eastát reatha scoileanna freastal go leordhóthanach ar an éileamh ar áiteanna scoile. Meastar go mbeidh gá le cóiríocht a thabhairt do 30,850 dalta breise bunscoile faoin 2014, mar aon le 14,200 dalta bunscoile idir 2014 agus 2018. Sa mhullach air sin, beidh gá le cóiríocht a thabhairt do 24,900 dalta iar-bhunscoile idir an t-am i láthair agus 2017.

D'fhoill cabhrú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna leis an gcumas breise a theastaíonn a sheachadadh, chomhaontaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an NDFA go soláthróidh agus go seachadfaidh an NDFA, cuid den chlár forbartha, a chuimsíonn ocht scoil déag (lena n-áirítear scoileanna nua/atógála, sintí agus athchóiriú scoil reatha nó meascán díobh seo), ag gníomhú ar son na Roinne Oideachais agus Scileanna.

D'fhoill tacú leis an NDFA i seachadadh na scoileanna seo, cheap an NDFA líon ball d'fhoireann deartha agus conraitheoirí imscrúdaithe suímh d'fhoill tacú le forbairt na riachtanas teicniúil don phróiseas cead pleanála.

Áirítear leis na ceapacháin seo go leor ball ón earnáil SME. Tá seoladh isteach na n-iarratas ar chead pleanála imithe chun cinn go maith.

An 16 Bealtaine 2013, d'fhoillsigh an NDFA an liosta conraitheoirí a ceapadh don phainéal creata a bheidh úsáidte chun an gclár déabhlóidithe seo a sheachadadh. Eisíodh an chéad tairiscint le linn Mheitheamh 2013. Meastar go gcuirfear tús tógála leis an gcéad cheann de na tionscadail scoile seo faoi dheireadh 2013 nuair a dhéanfar an chéad cheann de na tionscadail seo a sheachadadh faoi Mheán Fómhair 2014.

Mar chuid den chlár seachadta seo, tá an NDFA i bpáirtíocht le Fiontraíocht Éireann ar líon tionscnamh le haghaidh na hearnála SME, lena n-áirítear imeachtaí "casadh leis an gconraitheoir" ina mbíonn deis ag baill den earnáil SME casadh leis na conraitheoirí deartha agus tógála creata a ceapadh. Ina theannta sin, tá líon clásail soláthair shóisialta á chur san áireamh ag an NDFA mar chuid de na téarmaí fostaíochta le haghaidh na gconraitheoirí tógála chun deiseanna poist a chur ar fáil do dhaoine atá dífhostaithe le tamall fada agus do phrintísigh. Tá bainistíocht á déanamh ar an tionscnamh seo i gcomhar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí.



Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile na hUaimhe – íomhá an ealaíontóra



Scoileanna Náisiúnta Buachaillí agus Cailíní Dhamhliag – íomhá an ealaíontóra



Scoil Bráithre Críostaí Naomh Seosamh, Droichead Átha – íomhá an ealaíontóra

Dul chun cinn ar Thionscadail ina nGníomhaíonn an NDFA mar Chomhairleoir Airgeadais

FEIDHMEANNACHT NA SEIRBHÍSE SLÁINTE

Na Seirbhísí Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí

Tá Naomh Ita, Port Reachrann bunaithe mar an rogha suímh don tSeirbhís nua Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí (NFMHS) ina mbeidh an méid a leanas:

- (i) Lár-Ospidéal nua Meabhairshláinte Fóiréinsí (120 leaba);
- (ii) Aonad Míchumais Intleachtúil Mheabhairshláinte Fóiréinsí – Fóiréinseach (10 leaba);
- (iii) Aonad Fóiréinseach Leanaí agus Ógánach – Fóiréinseach (10 leaba); agus
- (iv) Aonaid Athshlánúcháin Dianchúraim – Fóiréinseach (30 leaba);
- (v) Dhá “Aonad Fhóiréinseacha Athshlánúcháin Dianchúraim – Fóiréinseach” forbartha ag láithreacha cuí ar fud na tíre.

Tar éis do FSS athbhreithniú inmheánach a dhéanamh in 2012, leanfaidh an tionscadal ar aghaidh ar bhonn céimnithe dhá chéim. Tá an NDFA ag gníomhú mar chomhairleoir airgeadais do FSS ar an tionscadal seo a sholáthraítear ar bhonn traidisiúnta. Tá dearadh an tionscadail á réiteach agus tar éis cead planála a fháil, meastar go gceapfar conraitheoir i ráithe 2 de 2015 le haghaidh Chéim 1.

An Lárionad Sármhaitheasa um Aosú Folláin

Tugadh faomhadh d’Ospidéal Naomh Séamas chun leanúint ar aghaidh leis an gClár ‘Cúram na nAosach’ ag Ospidéal Naomh Séamas. Tá an NDFA ag gníomhú mar chomhairleoir airgeadais do FSS ar an tionscadal seo a sholáthraítear ar bhonn traidisiúnta. Is é cuspóir an tionscadail cúram an chláir aosach a fhorbairt ag Ospidéal Naomh Séamas ina Lárionad Sármhaitheasa um Aosú Folláin (CESA). Cuirfidh an foirgneamh thart ar 14,000 méadar cearnach de chóiríocht ar fáil, lena n-áirítear 166 leaba mar aon le cóiríocht eile. Tá fáil ar ranníocaíochtaí cistithe chaipitiúil ó dhá fhoinsé – Daonchaireas an Atlantaigh (Atlantic Philanthropy) agus ó FSS. Faomhadh an t-iaratas planála le haghaidh CESA i Márta 2013 trí bhealach planála an údaráis áitiúil, eisíodh fógra an OJEU le haghaidh na hiomaíochta Deartha agus Tógála i mBealtaine 2013, agus tá tógáil beartaithe le tosú i ráithe 2 in 2014.

An tOspidéal Náisiúnta Péidiatraiceach

Cuirfidh an tOspidéal Náisiúnta Péidiatraiceach (NPH) seirbhísí cúraim thánaistigh ar fáil do leanaí Bhaile Átha Cliath, mar aon le cúram treasach péidiatraiceach don tír go léir. Cuirfidh sé 384 leaba ar fáil d’othair chónaithe agus is ceann dá lárchuspóirí ná ospidéal a chur ar fáil a dhéanfaidh sármhaitheas i gcúram cliniciúil, teagaisc agus taighde a chur ar fáil i dtimpeallacht ardchaighdeán, atá comhlonnaithe le hospidéal acadúil teagaisc. Tar éis chinneadh an Bhoird Phleanála chun cead planála a dhiúltú don tionscadal ar shuíomh Ospidéal Mater, bhunaigh an tAire Sláinte Grúpa Athbhreithnithe chun breithniú a dhéanamh ar roghanna don fhorbairt, agus an 7 Samhain 2012, roghnaíodh Ospidéal Naomh Séamas mar an suíomh nua don NPH. Tá anailís réamhchéime ar bun faoi láthair, agus ceapadh Bord Forbartha nua, d’fhonn an tionscadal caipitiúil tosaíochta seo a sheachadadh a luaithe is féidir.



NFMHS – íomhá an ealaíontóra

IOMPAR – BÓITHRE

AN DARA CLÁR CPP BÓITHRE

Scéim an N11 (an tInbhear Mór, Ráth Naoi agus N7 Chrois an Fhearainn Nua)

Chuir an NDFA comhairle airgeadais ar an NRA ar scéim an N11, a bhain críoch airgeadais amach in Aibreán 2013. Príomhnasc straitéiseach atá sa scéim sa líonra náisiúnta bóithre, agus soláthraíodh an t-uasghrádú ar an N11 mar aon le huasghrádú aomhail Chrois an Fhearainn Nua mar thionscadail singil.

Tá cistiú fiachais shinsearaigh á sholáthar ag Banc na hÉireann agus ag an BIE, agus gníomhaíonn an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean mar iasachtóir breise. Is cuibhreannas ina bhfuil BAM PP agus riarthóir ciste pinsin PGGM na hÍsiltíre atá i measc an lucht urraithe.

Scéim an N17/N18 (an Gort go dtí Tuaim)

Mhol an NRA plé a chur ar bun leis an rogha forthairgeora (Direct Route) do Scéim an N17/N18 (an Gort go dtí Tuaim), a chuirfidh 57 ciliméadar de mhótarbhealach agus de dhébhealach ar fáil mar chuid de nasc bóthair ardchaighdeán idir Leitir Ceanainn agus Port Láirge (Conair an Atlantaigh). Tá ráithe 4 in 2013 mar sprioc ag an NRA do chríoch airgeadais na scéime, faoi réir an chistithe riachtanaigh fiachais shinsearaigh a fháil. Chomhaontaigh an BIE, i bprionsabal, chun a mhéid le 50% den fhiachas sinsearach a sholáthar. Is iad an NDFA comhairleoirí reachtúla airgeadais an NRA agus tá príomhról á ghlacadh acu leis na réitigh chistithe a fhiosrú don scéim.



Síniú conartha, an N7/N11, Aibreán 2013

Seachbhóthar N25 Ros Mhic Thriúin

Is é Seachbhóthar N25 Ros Mhic Thriúin an tríú scéim sa dara clár CPP bóithre. Cruthóidh an scéim cuid straitéiseach den líon príomhbhealaí náisiúnta, agus naisc ardchaighdeán á gcur ar fáil laistigh den réigiún thoir theas mar aon le brú tráchta a laghdú trí sheachbhóthar ar bhaile Ros Mhic Thriúin a chur ar fáil ar an N25 agus N30.

Chuir an NRA tús leis an bpróiseas soláthair (réamhcháiliú) go déanach i ráithe 1 2013 agus tá ráithe 4 2014 ina sprioc le haghaidh críoch airgeadais. Beidh an NDFA, arís eile, ag soláthar comhairle airgeadais don NRA maidir leis an scéim.

Scéim an M11 (Guaire go dtí Inis Córthaidh)

Tá sé beartaithe ag an NRA an próiseas soláthair don scéim seo a sheoladh, atá ar an gceathrú ceann sa dara clár CPP bóithre, níos déanaí an samhradh seo. Tá 26km de mhótarbhealach sa scéim ar an N11, lena n-áirítear seachbhóthar Inis Córthaidh.

IOMPAR - IARNRÓID

Luas Traschathrach

Tá an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnróid (RPA) (Luas BXD roimhe seo), freagrach as soláthar scéim an Luas Traschathrach, ina bhfuil nasc le soláthar idir Líne Dhearg agus Ghlas an LUAS agus an líonra a shíneadh ar aghaidh i dtreo lár na cathrach go dtí an Chabhrach (Droichead na Scuab) tríd an Chloch Leathan agus Gráinseach Ghormáin. Déanfaidh seo nasc a cheangal idir dhá líne Luas reatha agus nasc le líne iarnróid fhoirbhí Mhaigh Nuad agus Dhún Búinne. Beidh cistiú iomlán á fháil ag an scéim seo ón Státchiste, agus tá sé ina sprioc go dtosófar leis an bpríomhthógáil go déanach in 2014/go luath in 2015.

AN COMHSHAOL, POBAL AGUS RIALTAS ÁITIÚIL

Scéim Uisce Bhailte agus Shráidbhailte Grúpáilte Phort Láirge

Tá comhairle airgeadais á cur ar fáil ag an NDFA do Chomhairle Contae Phort Láirge maidir le Scéim Uisce Bhailte agus Shráidbhailte Grúpáilte Phort Láirge. Tionscadal deartha, tógála agus oibríthe is ea seo de shaoráidí cóireála fuíolluisce laistigh de Chontae Phort Láirge.

Eisíodh cáipéisí réamhcháilithe don tionscadal chuig an margadh in Aibreán 2010, agus eisíodh cáipéisí tairisceana i Lúnasa 2012. Fuarthas aighneachtaí tairisceana an 8 Feabhra 2013, agus tá coinne leis go mbronnfar an conradh i ráithe 4 2013.

Ionad Dramhaíola/Fuinnimh an Phoill Bhig

Tá tionscadal Dramhaíola chuig Fuinneamh Bhaile Átha Cliath á fhorbairt mar Chomhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach idir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (atá ag gníomhú ar son na gceithre Údarás Áitiúil de chuid Bhaile Átha Cliath) agus Dublin Waste to Energy Ltd. (comhfhiontar idir Covanta Energy, SAM agus DONG Energy Generation A/S, an Danmhairg).

Luaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an 5 Aibreán 2013 gur chomhaontaigh siad chun an t-am a shíneadh níos mó a bhí ceadaithe don Chomhairle chun saincheistanna a chur i gcrích leis an gCoimisiún Eorpach maidir leis an Tionscadal Dramhaíola chuig Fuinneamh agus do Covanta chun socrúithe a chur i gcrích le cisteoirí féideartha don Tionscadal. Go dtí dáta 30 lá i ndiaidh réiteach na saincheistanna dá dtagraítear thuas is ea an tréimhse shínte.



Síneadh shaoráid Oibreacha Cóireála Fuíolluisce na Rinne (WwTW) agus Píobán Sceite Fada Farraige

Tá uasghrádú agus fairsingiú á dhéanamh ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar WwTW na Rinne, agus is iad seo na príomhoibreacha cóireála le haghaidh cheantar Bhaile Átha Cliath. Tá dhá phríomhchonradh bainteach leis an scéim seo. Cuirfidh an chéad chonradh saoráid nua sceite eisiltigh chóireálte ar fáil chun an pointe sceite d'eisilteach cóireálte a athlonnú ó Inbhear na Life go dtí pointe 9 gciliméadar amach ó chósta Bhá Bhaile Átha Cliath trí Thollán nua Píobán Sceite Fada Farraige (LSOT). Síneoidh an dara conradh cumas an WwTW go dtí daonra coibhéis 2.1 milliún. Conarthaí Deartha agus Tógála an dá chonradh agus tá siad le soláthar le leas a bhaint as 'Conradh Oibreacha Poiblí le haghaidh Oibreacha Innealtóireachta arna dhearadh ag an gConraitheoir' (PW-CF4).

D'fhostaigh an DCC an NDFA in Iúil 2012 mar chomhairleoir reachtúil airgeadais ar na conarthaí seo. Dheonaigh an Bord Pleanála cead pleanála an 16 Samhain 2012. Eisíodh fógraí an OJEU le haghaidh an LSOT agus an WwTW an 21 Nollaig 2012 agus an 19 Feabhra 2013, faoi seach.



AN ROINN DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS

Príosún Chorcaí

Tá comhairle airgeadais á soláthar ag an NDFA do Sheirbhís Príosún na hÉireann ar thionscadal nua beartaithe Phríosún Chorcaí, a chuirfear in ionad na saoráide reatha príosúin.

Eisíodh Meabhrán um Fhaisnéis Tionscadail/Ceistneoir Réamhcháilithe don mhargadh an 22 Feabhra 2013, agus scaoileadh cáipéisí tairisceana do na hiarrthóirí a bhain an gearrliosta amach i ráithe 2013. Tá súil leis go gceapfar an rogha forthairgeora i ráithe 3 2013.



Príosún Chorcaí

OBAIR AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE COMHAIRLEACHA DEN NDFA

Cistiú Fiachais CPP

Leanann an NDFA le dul i dteagmháil leis an lucht cistithe iltaobhaigh d'fhonn an fháil atá ar chistiú atá costéifeachtach a uasmhéadú le haghaidh bhonneagar na hÉireann. Chuir an BIE 50 milliún ar fáil de chistiú fiachais ar fáil don tríú beart scoileanna CPP a bhain críoch rathúil airgeadais amach i Samhain 2012.

D'éascaigh an NDFA, i gcomhar leis an Roinn CPA, plé idir an BIE agus líon ranna rialtais maidir le soláthar iasachtaí díreacha don Státchiste.

In Iúil 2012, sholáthair an BIE iasacht dhíreach €100 milliún don Státchiste chun clár tionscadail feabhsaithe tógála scoileanna a mhaoiniú a bheartaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna atá á soláthar ar bhonn traidisiúnta. Sholáthair an BIE iasacht bhreise €100 milliún Státchiste i Samhain 2012 chun líon tionscadail uisce/fuíolluisce a mhaoiniú a bheartaigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, atá á soláthar ar bhonn traidisiúnta. I Meitheamh 2013, shínigh an BIE leis an NTMA don dara tráinse d'iasacht Státchiste le haghaidh €100 milliún, chun tógáil tionscadail scoileanna Éireannacha neamhCPP a pháirtmhaoiniú.

Measann an NDFA go leanfaidh siad le dul i dteagmháil leis an BIE le linn 2013, d'fhonn an fháil atá ar chistiú atá costéifeachtach a uasmhéadú le haghaidh thionscadail bhonneagar na hÉireann.

Ina theannta sin, lean an NDFA le teagmháil a dhéanamh le Banc Forbartha na Comhairle Eorpaí (BCE), a chuireann cistiú ísealchostais ar fáil do thionscadail i réimse earnálacha, lena n-áirítear sláinte, oideachas agus tithíocht shóisialta. I Márta 2013, d'fhaomh Comhairle Riaracháin BCE iasachtaí ar fiú €41 milliún iad ar an iomlán a bhí le soláthar do thionscadal príosúin Chorcaí agus don tSaoráid Náisiúnta Coinneála Leanáí.

Coiste Conarthaí Tógála an Rialtais

I ndiaidh iarratais ó Choiste Conarthaí Tógála an Rialtais (an GCCC), bhí an NDFA ag oibriú leo chun cáipéis treorach a fhorbairt le haghaidh breithmheas airgeadais chonraitheoirí faoi chonarthaí GCCC. Tá sé seo anois sna céimeanna deiridh d'fhaomhadh leis an gCoiste agus tá coinne leis go gcruthóidh seo an bonn le treoir nua a eiseoidh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtaca le breithmheas airgeadais cháipéisí conartha GCCC.

Tacaíocht Riaracháin Chonradh CPP (céim iarthógála)

Sa mhullach ar chomhairle réamhsholáthair a chur ar fáil maidir le cistiú agus maoiniú tionscadal, comhairle um sholáthar le linn an tionscadail agus gníomhaíochtaí seachadta tionscadal CPP, chuir an NDFA comhairle céim iarthógála ar fáil don lucht urraithe tionscadail, faoi mar a iarradh, maidir le líon tionscadail CPP a cuireadh i gcrích go hiomlán agus atá anois oibríochtúil. Mar shampla, maidir leis na Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla, Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath agus Tionscadail Phíolótacha Scoile (nach raibh feidhm sholáthair ag an NDFA iontu), chabhraigh an NDFA le Gníomhaireachtaí Urraithe lena chinntiú go bhfuil na meicníochtaí íocaíochta conradh CPP ag oibriú go héifeachtach, agus lámhleabhair íocaíochta a chruthú le haghaidh tacaíocht oiliúna, agus chun comhairle a chur ar an údarás urraithe maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil na meicníochta íocaíochta. Anuas air sin, déanann an NDFA athbhreithniú ar an bhfaisnéis airgeadais a thugtar do Gníomhaireachtaí Urraithe, e.g. cuntais bhliantúla de chuid na gcuibhreannas earnála príobháidí, etc., agus atá fáil orthu le déileáil le himeachtaí aonuaire i dtionscadail ag a bhféadfadh impleachtaí airgeadais bheith acu faoi na Comhaontuithe Tionscadail le haghaidh Gníomhaireachtaí Urraithe, faoi seach, mar shampla:

- an tionchar ar Chomhaontú Tionscadail leachtú scairshealbhóir an Ionaid Chomhdhála, Baile Átha Cliath;
- cabhair le cleachtais tagarmharcála bogsheirbhísí.

I nDeireadh Fómhair 2012, tar éis leasú ar Threoirlínte an Aire, féadfaidh an NDFA glacadh le freagracht as monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh téarmaí conarthaí CPP. Leag an Roinn Oideachais agus Scileanna bainistíocht conartha na dtrí thionscadal oibríochtúil scoileanna – an Chéad Bheart Scoileanna, an Dara Beart Scoileanna agus Scoileanna Píolótacha – faoi chúram an NDFA. Idir an dá linn, bhí bainistiú á dhéanamh ag an NDFA ar na trí chonradh thar cheann na Roinne, agus is éard atá i gceist leis seo monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht earnáil phríobháideach an chonartha. Tá an NDFA freagrach as suimeanna míosúla sonraisc a chomhaontú le cuibhreannas earnála príobháidí lena moladh don Roinn Oideachais agus Scileanna, asbhaintí feidhmíochta a chur i bhfeidhm i ngach cás cuí agus soláthar na riachtanas seirbhísí oibríochtúla agus cothabhála.

Rialachas

Bord an NDFA

Tá ag an NDFA bord ina bhfuil Cathaoirleach agus seachtar gnáthbhall. Is é Príomhfheidhmeannach an NTMA Cathaoirleach ex officio an Bhoird. Is ball den Bhord Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an NDFA. Ceaptar gnáthbhaill ar feadh téarmaí cúig bliana.

Tá ar an mBord a chinntiú go bhfuiltear ag tabhairt faoi fheidhmeanna an NDFA go héifeachtach. Leagtar amach cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha atá le baint amach ag an NDFA agus cinntíonn siad go mbaintear amach iad.

Tá na hábhair a leanas á gcoimeád d'fhaomhadh an Bhoird:

- a) Údarais Tharmilgthe Sínithe
- b) Faomhadh Mórchonarthaí
- c) Beartais agus Pleananna Corparáideacha
- d) Beartas um Bainistíocht Riosca
- e) An Córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais
- f) Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an NDFA
- g) Rannpháirtíocht i gCoiste Iniúchta an NTMA

Ba iad seo a leanas baill an Bhoird i gcaitheamh na tréimhse an 1 Eanáir 2012 go dtí an 29 Meitheamh 2013:

John Corrigan

Cathaoirleach (ball ex-officio)
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Brian Murphy

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
(Athcheaptha an 21 Nollaig 2012) Stiúrthóir, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Fred Barry

(Téarma éagtha an 1 Bealtaine 2012)
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta

Liam Berney

(Téarma éagtha an 1 Bealtaine 2012)
Oifigeach Tionsclaíoch, Comhdháil na gCeardchumann

Ann Fitzgerald

(Téarma éagtha an 31 Nollaig 2012)
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Gníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí

Stewart Harrington

(Téarma éagtha an 1 Bealtaine 2012)
Stiúrthóir, Killeen Properties Limited

Tony Jones

(Téarma éagtha an 31 Nollaig 2012)
Sainchomhairleoir Gnó

Peter McManamon

(Téarma éagtha an 31 Nollaig 2012)
Cathaoirleach, Ceva Inc

Gerry Murray

(Ceaptha an 18 Iúil 2012)
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann

Petrina Smyth

(Ceaptha an 18 Iúil 2012)
Comhpháirtí Cánach, Dílghnólacht Walkers Ireland

Robert Watt

(Ceaptha an 18 Iúil 2012)
Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Amhail ón 28 Meitheamh 2013, níl aon fholúntas ar an mBord. I ndiaidh éag a dtéarmaí oifige, is mian leis an gCathaoirleach buíochas a ghabháil ó chroí le Fred Barry, Liam Berney, Stewart Harrington, Ann Fitzgerald, Tony Jones agus le Peter McManamon as ucht an t-am a chaith siad agus an iarracht a rinne siad a bhfeidhm a chomhlíonadh mar bhaill de Bhord na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais.

Thionóil an Bord ocht n-uaire le linn 2012. Leagtar amach thíos freastal na mball.

Ball den Bhord	Cruinnithe ar Freastalaíodh
John Corrigan ²	6/8
Brian Murphy	8/8
Fred Barry	3/3
Liam Berney	3/3
Ann Fitzgerald	7/8
Stewart Harrington	3/3
Tony Jones	8/8
Peter McManamon	8/8
Gerry Murray	3/4
Petrina Smyth	3/4
Robert Watt	2/4

An Coiste Iniúchta

Feidhmíonn Coiste Iniúchta an NTMA mar Choiste Iniúchta an NDFA. Déanann Coiste Iniúchta an NTMA maoirsiú ar chórais iniúchta agus rialaithe inmheánaigh, creat um bainistíocht riosca, próiseas tuairiscithe airgeadais agus ráitis bhliantúla airgeadais an NTMA. Tá rochtain iomlán gan srian ag na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, Ceann Rialaithe agus an tOifigeach Comhlíontacháin ar Choiste Iniúchta an NTMA. Ba iad seo a leanas na baill i gcaitheamh na tréimhse an 1 Eanáir 2012 go dtí an 28 Meitheamh 2013:

- Hugh Cooney – Cathaoirleach (go dtí an 31 Nollaig 2012)
- Brendan McDonagh (Cathaoirleach ón 1 Eanáir 2013)
- Peter McManamon (go dtí an 31 Nollaig 2012) – Ball de Bhord an NDFA
- Maurice O’Connell (go dtí an 20 Nollaig 2012) – Ball Seachtrach
- Gerry Murray (ón 1 Eanáir 2013) – Ball de Bhord an NDFA
- Michael O’Grady (ón 20 Nollaig 2012) – Ball Seachtrach

Cóid Rialachais Chorporáidigh

Tá an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit bunaithe ar ghnáthstruchtúr corparáideach ina bhfuil Bord Stiúrthóirí ar a bhfuil freagracht dhlíthiúil as an gcomhlacht, mar aon le foireann bhainistíochta feidhmeannaí agus baill foirne, a thugann faoi na feidhmeanna a leithdháileann an Bord dóibh. Tugann an NDFA faoina bhfeidhmeanna, áfach tríd an NTMA.

Chuir Bord an NDFA an Cód i bhfeidhm agus rinne siad é a oiriúnú dá gcuid cúinsí. Tá cód iompar gnó agus beartas taistil i bhfeidhm do bhaill den Bhord. Tá coinne leis go gcinntíonn baill den Bhord go bhfuil a ngníomhaíochtaí go léir rialaithe ag caighdeáin a shonraítear sa chód. Ábhar a bhfuil ar an gcomhlacht sin plé leis atá i bhfeidhmiú an Chóid ag an NTMA.

Comhlacht forordaithe is iad an NDFA chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Anuas air sin, is ann do nochtheadh ceanglais shonracha leasa faoin Acht um Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais.

Iniúcháirí

I gcomhréir leis na ceanglais reachtúla, déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar an NDFA. Úsáideann an NDFA feidhm iniúchta inmheánaigh an NTMA. Cuireann gnóthas seachtrach iniúcháirí leis an obair seo, PricewaterhouseCoopers faoi láthair, a thugann faoi obair iniúchta inmheánaigh.

Tá ar Chathaoirleach agus Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an NDFA fianaise a thabhairt do Choiste Cuntas Poiblí Dháil Éireann. Cuimsíonn an fhianaise sin rialú agus dílsiú an uile idirbheart de chuid an NDFA, agus na gcóras, nósanna imeachta agus na gcleachas a d’úsáid an NDFA. Ba é an uair dheireanach a tugadh fianaise don Choiste an 13 Nollaig 2012.

Ba mhaith leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus leis an mBord a mbuíochas a chur in iúl d’iarrachtaí na foirne uile ag a raibh páirt in oibríochtaí an NDFA.

2. Rinne an Cathaoirleach é féin a dhícháiliú ó fhreastal ar an gcruinniú an 4 Deireadh Fómhair 2013.

Aguisíní

LIOSTA NA nÚDARÁS STÁIT

Seo a leanas liosta de na hÚdaráis Stáit ar a bhfuil dualgas faoi láthair chun dul i gcomhairle leis an NDFA chun comhairle airgeadais a fháil i dtaca le mórtionscadal infheistíochta poiblí.

Údaráis Stáit amhail a liostaítear iad sa Sceideal leis an Acht um an NDFA (Leasú), 2007:

1. Aire Rialtais
2. Údarás Áitiúil
3. Na Coimisinéirí Oibreacha Poiblí in Éirinn
4. An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
5. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
6. Ollscoil laistigh den bhrí a luaitear in Acht na nOllscoileanna, 1997, seachas Coláiste na Tríonóide agus Ollscoil Bhaile Átha Cliath
7. Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
8. Coláiste laistigh den bhrí a luaitear in Alt 2 d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992
9. Coiste gairmoideachais laistigh den bhrí a luaitear in Alt 7 den Acht Gairmoideachais, 1930
10. An tSeirbhís Chúirteanna
11. Údarás cuain laistigh den bhrí a luaitear sna hAchtanna Cuanta 1946-1976
12. Bus Átha Cliath
13. Bus Éireann
14. Córas Iompair Éireann
15. An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnróid
16. An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach
17. Aon údarás poiblí atá ann atá forordaithe le hordú

RÁITIS AIRGEADAIS

Tugann an NDFA comhairle ar Údaráis Stáit ar sholáthar, seachadadh agus maoiniú tionscadal. Tá na leithdháiltí do na Ranna ábhartha le haghaidh tionscadail CPP le fáil sna leithdháiltí ilbhliantúla sa Bhuiséad.

Ceanglaítear faoi Alt 20 den Acht um Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, 2002, go gcoinnítear i cibé foirm a cheadóidh an tAire Airgeadais, gach cuntas ceart agus gach gnáthchuntas. Ní mór go n-áireofaí leis na cuntais cuntas ar leith ina bhfuil na táillí agus na costais riaracháin a thabhaigh an NDFA i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna. Amhail a mhínítear thuas, áfach, tá an fhoireann a oibríonn ar ábhair an NDFA fostaithe ag an NTMA amháin.

Mar seo a leanas a bhí na costais riaracháin a thabhaigh an NDFA in 2012 agus 2011:

	2012 €	2011 €
Táillí an Bhoird	56,280	75,600
Táillí Iniúchta	5,640	5,640
	61,920	81,240

I dteannta na gcostas thuas, ba iad na costais riaracháin a thabhaigh an NTMA i dtabhairt faoi fheidhmeanna an NDFA in 2012 €6,099,486 (2011: €5,797,162). Áirítear na costais seo i gcostais riaracháin an NTMA agus gearrtar iad ar an Lárchiste. Ní iarann an NTMA ar aisíocaíocht na gcostas seo ó Údaráis an Stáit.

An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais

Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2012

Baill den Bhord agus Faisnéis Eile	30
An Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta	31
An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	32
Tuarascáil na nIníúcháirí	34
Beartais Chuntasaíochta	36
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	37
An Cuntas Riaracháin	38
Clár Comhardaithe	39
Nótaí leis na Cuntais	40

Baill den Bhord agus Faisnéis Eile

BAILL DEN BHORD

John C. Corrigan – Cathaoirleach

Brian Murphy – Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (athcheaptha an 21 Nollaig 2012) Fred Barry (téarma éagtha an 1 Bealtaine 2012)

Liam Berney (téarma éagtha an 1 Bealtaine 2012)

Ann Fitzgerald (téarma éagtha an 31 Nollaig 2012)

Stewart Harrington (téarma éagtha an 1 Bealtaine 2012)

Tony Jones (téarma éagtha an 31 Nollaig 2012)

Peter McManamon (téarma éagtha an 31 Nollaig 2012)

Petrina Smyth (ceaptha an 18 Iúil 2012)

Robert Watt (ceaptha an 18 Iúil 2012)

Gerry Murray (ceaptha an 18 Iúil 2012)

INIÚCHÓIRÍ

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Caisleán Bhaile Átha Cliath

Baile Átha Cliath 2

BAINCÉIRÍ

Bainc-Aontas Éireann plc

1 Sráid Bhagóid Íochtarach

Baile Átha Cliath 2

An Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta


Ceanglaítear ar an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (“an Gníomhaireacht”) faoin Acht um Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, 2002 ráitis airgeadais a ullmhú maidir lena n-oibríochtaí le haghaidh gach bliain airgeadais.

Agus na ráitis sin á n-ullmhú, déanann an Gníomhaireacht an méid a leanas:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach amhlaidh a dhéanamh;
- aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin infheidhme chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá Bord na Gníomhaireachta freagrach as gach cuntas cuí agus gach gnáthchuntas ar gach airgead a fhaightear tríothu nó a chaitear tríothu, mar aon le gach idirbheart airgeadais agus eile faoina dtugtar i bhfeidhmíú a bhfeidhmeanna a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Airgeadais. Tá an Gníomhaireacht freagrach as cuntais chuntasaíochta a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta ag aon tráth staid airgeadais na Gníomhaireachta.


Ina theannta sin, tá Bord na Gníomhaireachta freagrach as na sócmhainní a chosaint atá faoina rialú agus, dá bhrí sin, as dul i mbun bearta réasúnta d’fhonn calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



John C. Corrigan

Cathaoirleach

An Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha
Airgeadais



Brian Murphy

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

An Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha
Airgeadais

An 27 Meitheamh 2013

An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

FREAGRACHT AS AN GCÓRAS RIALAITHE INMHEÁNAIGH AIRGEADAIS

Aithníonn an Bord an fhreagracht atá orthu a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach a dhearbhu go réasúnta seachas go hiomlán go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart agus go gcoiscítear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthuil.

PRÍOMHNÓSANNA IMEACHTA RIALAITHE

I gcomhréir le hAlt 11 den Acht um Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, 2002, tugann an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (“an NDFA”) faoina bhfeidhmeanna trí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (“an NTMA”).

Ghlac an Bord, i gcomhar leis an NTMA, bearta le timpeallacht oiriúnach rialaithe a chinntiú i ndáil leis an NDFA tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú d’iompar gnó ag an NDFA;
- Cód Iompair an NDFA um Bainistiú Coinbhleacht Leasa a bhunú;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun clistí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.

Bhunaigh an NDFA próisis le rioscaí gnó a shainaithint agus le measúnú a dhéanamh orthu tríd an méid a leanas:

- cineál, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí a shainaithint atá roimh an eagraíocht
- measúnú a dhéanamh ar an gcosúlacht go dtarlódh na rioscaí a sainaithníodh;
- measúnú a dhéanamh ar chumas na heagraíochta chun na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
- measúnú a dhéanamh ar chostais rialaithe áirithe a oibriú i gcomparáid leis an tairbhe a bhainfidh siad amach.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat d'fhaisnéis bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmhigin agus cuntasáíochta. Áirítear leis, go sonrach:


- córas cuimsitheach buiséadta le haghaidh riar chostais an NDFA (seachas costais Bhoird an NDFA) a thabhaíonn an NTMA;
- spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;
- disciplíní foirmiúla um bainistiú tionscadal;
- nósanna imeachta atá sainmhínithe go soiléir ar sholáthar.

Tá ag an NTMA feidhm iniúchta inmheánaigh, a oibríonn i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cuireann anailís ar na rioscaí oibriúcháin a bhfuil an NDFA nochta dóibh faisnéis ar fáil d'obair an iniúchta inmheánaigh, agus tá pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh bunaithe ar an anailís seo. Ar a laghad uair sa bhliain, cuireann an tIniúcháir Inmheánach (PricewaterhouseCoopers faoi láthair) tuarascáil ar fáil don NTMA agus don NDFA ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh. Áirítear leis an tuarascáil seo measúnú an Iniúcháir Inmheánaigh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Cuireann obair an iniúcháir inmheánaigh, na mbainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den NTMA atá freagrach as forbairt agus cothabháil na chreata rialaithe airgeadais, agus tuairimí a nochtann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile, faisnéis ar fáil do mhonatóireacht agus athbhreithniú an NTMA ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais. Sa mhullach air sin, suíonn Ball de Bhord an NDFA ar Choiste Iniúchta an NTMA a dhéanann ionadaíocht do leas Bhord an NDFA. Coimeádann an ball den Bhord Bord an NDFA ar an eolas faoi na hábhair sin a bhaineann leis an NDFA. Oibríonn Coiste Iniúchta an NTMA i gcomhréir leis na prionsabail a shonraítear sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. I measc a bhfreagrachtaí, tá maoirsiú a dhéanamh ar an bpróiseas tuairiscithe airgeadais, athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras rialaithe inmheánaigh agus athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis inmheánacha agus sheachtracha iniúchta.

ATHBHREITHNIÚ BLIANTÚIL AR RIALÚ


Dearbhaimid, sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012, gur thug Bord an NDFA faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, tar éis glacadh le comhairle ó Choiste Iniúchta an NTMA.



John C. Corrigan

Cathaoirleach

An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha
Airgeadais



Brian Murphy

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha
Airgeadais

An 27 Meitheamh 2013

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

AN GHNÍOMHAIREACHT NÁISIÚNTA FORBARTHA AIRGEADAIS

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 faoin Acht um Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, 2002. Áirítear sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta a leagtar amach iontu, na beartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an cuntas riaracháin, an clár comhardaithe agus nótaí bainteacha. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a forordaíodh faoi alt 20 den Acht agus i gcomhréir le cleachtas cuntasaíochta lena bhfuil glacadh ginearálta in Éirinn.

AN RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ BHORD NA GNÍOMHAIREACHTA

Tá Bord na Gníomhaireachta freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, lena chinntiú go dtugtar léiriú fíor agus cóir ar staid ghnóthaí na Gníomhaireachta agus ar a n-ioncam agus caiteachas, agus le rialtacht idirbheartaíochtaí a chinntiú.

FREAGRACHTAÍ AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Táimse freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí infheidhme.

Tugaimse faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithniúcháin speisialta lena mbaineann comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Tugaimse faoi m'iniúchadh de réir na gCaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (an RA agus Éire) mar aon le Caighdeáin Eitice an Bhoird Chleachtas Iniúcháireachta d'Iniúcháirí a chomhlíonadh.

SCÓIP INIÚCHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Is éard a bhaineann le hiniúchadh, fianaise a fháil faoi shuimeanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais, ar leor iad lena chinntiú go réasúnta nach ann d'aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid is cúis leis. Áirítear leis seo measúnú ar an méid a leanas:

- cibé acu an cuí nach cuí do na beartais chuntasaíochta do chúinsí na Gníomhaireachta, agus cibé acu ar cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus cibé acu ar nochtáíodh nó nár nochtáíodh iad go cuí
- réasúntacht na mórmheastachán cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Ina theannta sin, tugaim faoi fhianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta.

Sa mhullach air sin, déanaim an fhaisnéis uile airgeadais agus neamhairgeadais a léamh sa tuarascáil bhliantúil le haon mhíréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais ar a ndearnadh iniúchadh a shainaithint. Déanaimid breithniú ar na himpleachtaí dár dtuarascáil má thugaimid faoi deara aon mhíráiteas nó aon neamh-chomhsheasmhacht ábhartha.

TUAIRIM FAOI NA RÁITIS AIRGEADAIS

I mo thuairim, tugtar seasamh fíor agus cóir ar staid ghnóthaí na Gníomhaireachta amhail an 31 Nollaig 2012 agus ar a gcuid ioncaim agus caiteachais le haghaidh na bliana a chríochnaigh um an dtaca sin sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart de réir an chleachtais chuntasaíochta lena bhfuil glacadh ginearálta in Éirinn.


Is í mo thuairim gur choimeád an Gníomhaireacht leabhair chuí chuntasaíochta. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

ÁBHAIR AR A DTUAIRISCÍM TRÍ EISCEACHT

Déanaim tuairisciú trí eisceacht sna cásanna a leanas:

- Mura bhfuair mé an uile fhaisnéis agus mhíniúchán a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- thug mé aon chás ábhartha faoi deara i m'iniúchadh nár caitheadh airgead chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbheartaíochtaí i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú, nó
- níl an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais ghaolmhara, nó
- ní léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh na Gníomhaireachta an Chóid Iompair le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- tugaim faoi deara gurb ann d'ábhair eile lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam i ndáil leis na hábhair sin a dhéantar a thuairisciú trí eisceacht..



Seamus McCarthy

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

An 28 Meitheamh 2013

Beartais Chuntasaíochta

CÚLRA

Bunaíodh an Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (“an NFA”) ar ordú an Aire Airgeadais an 1 Eanáir 2003 faoin Acht um Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, 2002.

Is iad seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar glacadh leo maidir leis na nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais:

BONN AN ULLMHÚCHÁIN

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an Achta um Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, 2002, i bhformáid a bhí faofa ag an Aire Airgeadais.

Tugann na ráitis airgeadais achoimre ar idirbhearta agus ar staid airgeadais na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais.

TRÉIMHSE THUAIRISCITHE

Is í an tréimhse thuairiscithe an bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012.

AIRGEADRA TUAIRISCITHE

Is é an Euro an t-airgeadra tuairiscithe, rud a thaispeántar leis an tsiombail €.

AITHINT IONCAIM

Cuirtear ioncam i gcuntas ar bhonn fabhrúithe.

COSTAIS


Cuirtear costais i gcuntas sa bhliain ina mbíonn siad dlite.

Faoin Acht um Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, 2002, ní ghearrtar ach costais dhíreacha a bhíonn tabhaithe ag an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais. Bíonn gach costas riaracháin eile tabhaithe ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus nochtar iad trí nóta amháin.

Gearrtar táillí agus costais a tabhaíodh maidir le feidhmeanna airgeadais agus comhairleacha na Gníomhaireachta ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus aisíocann an tÚdarás ábhartha Stáit iad.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012


	Nótaí	2012 €	2011 €
Ioncam	1	1,692,354	3,231,097
Táillí agus costais tionscadail	2	(1,630,434)	(3,149,857)
Aistriú chuig an gCuntas Riaracháin	3	(61,920)	(81,240)
Glanioncam don tréimhse		Nil	Nil



John C. Corrigan

Cathaoirleach

An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha
Airgeadais



Brian Murphy

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha
Airgeadais


An 27 Meitheamh 2013

Tá na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1-12 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

An Cuntas Riaracháin

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig

	Nótaí	2012 €	2011 €
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	3	61,920	81,240
Costais riaracháin na Gníomhaireachta	4	(61,920)	(81,240)
Glanioncam/(caiteachas)		Neamhní	Neamhní



John C. Corrigan
Cathaoirleach
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha
Airgeadais



Brian Murphy
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha
Airgeadais


An 27 Meitheamh 2013

Tá na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1-12 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.


Clár Comhardaithe

An 31 Nollaig

	Nótaí	2012 €	2011 €
Sócmhainní			
Airgead sa Bhanc		158,640	-
Féichiúnaithe	5	1,211,514	986,152
		1,370,154	986,152
Dliteanais			
Creidiúnaithe	6	1,370,154	986,152
Sócmhainní iomlána lúide Dliteanais		Neamhní	Neamhní
A léiríonn			
Cúlchistí Carntha	8	Neamhní	Neamhní



John C. Corrigan
Cathaoirleach
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha
Airgeadais



Brian Murphy
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha
Airgeadais

An 27 Meitheamh 2013

Tá na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1-12 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Nótaí leis na Cuntais

1. Ioncam

	2012 €	2011 €
Aisíocaíocht costais chomhairleacha ó Údaráis Stáit	1,630,434	3,149,857
Lárchiste (nóta 7(a))	61,920	81,240
	1,692,354	3,231,097

2. Táillí agus costais tionscadal

Gearrtar táillí agus costais a bhíonn tabhaithe ag an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais i gcur i gcrích a bhfeidhmeanna maoinithe agus comhairleacha maidir le tionscadail infheistíochta poiblí ar leith ar chaiteachas, de réir an Achta um Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (Leasú), 2007.

	2012 €	2011 €
Táillí comhairleachta	1,224,708	2,454,450
Táillí dlí	399,782	695,087
Costais tionscadal eile	5,944	320
	1,630,434	3,149,857

Tabhaíodh táillí comhairleachta €1,224,708 ar an iomlán in 2012 agus déantar anailísiú orthu thíos:

	€
Comhairleacht theicniúil	1,148,714
Comhairleacht airgeadais	71,807
Eile	4,187
Táillí comhairleachta ar an iomlán	1,224,708

Áirítear le comhairleacht theicniúil costas ailtirí, innealtóirí sibhialta agus comhairleoirí eile teicniúla, lena n-áirítear an costas suirbhé a bhaineann leis Cláir PPP agus Cláir Scoileanna Déabhlóidithe.

3. Aistriú chuig an gCuntas Riaracháin ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais

Is ionann an tsuim seo €61,920 (2011 - €81,240) agus an tsuim a theastaigh le híoc as costais áirithe riaracháin de chuid an NDFA.

Nótaí leis na Cuntais

(ar leanúint)

4. a) Costais Riaracháin

Sonraítear costais riaracháin an NDFA thíos ar bhonn fabhruithe:

	2012 €	2011 €
Táillí an Bhoird	56,280	75,600
Táillí iniúchta	5,640	5,640
	61,920	81,240

I dteannta na gcostas thuas, ba é €6,099,486 (2011 - €5,797,162) na costais riaracháin a thabhaigh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i dtabhairt faoi fheidhmeanna an NDFA. Áirítear costais seo an NTMA, ina measc, luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, dá dtagraítear thíos, i gcostais riaracháin Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus gearrtar iad ar an Lárchiste. Ní iarrann an NTMA ar aisíocaíocht na gcostas seo ó Údarás an Stáit.

Ba é €7,791,840 (2011: €9,028,259) an costas iomlán d'oibriúcháin na Gníomhaireachta sa bhliain agus déantar é a mhaoiniú mar seo a leanas:

	2012 €	2011 €
Táillí agus costais tionscadal (Nóta 2)	1,630,434	3,149,857
Costas riaracháin an NDFA	61,920	81,240
Táillí agus costais riaracháin a thabhaigh an NTMA agus a gearradh ar an Lárchiste	6,099,486	5,797,162
	7,791,840	9,028,259

Mar seo a leanas atá miondealú na dtáillí agus na gcostas riaracháin a thabhaíonn an Lárchiste maidir le 2012:

	€
Costais fostaíochta (lena n-áirítear sciar de na comhfheidhmeanna)	4,696,076
Táillí Gairmiúla	153,587
Costais Oibríochta (lena n-áirítear Forchostais)	1,249,823
	6,099,486

Is éard atá san anailís ar chostas thuas, na gnéithe a leanas:

- Costais dhíreacha a thabhaigh foireann an NTMA a bhí sannta don NDFA,
- Forchostais indíreacha a leithdháileadh d'fheidhm an NDFA, agus
- Sciar ábhartha chostais chomhfheidhmeanna seirbhíse an NTMA a chuireann seirbhísí ar fáil don NDFA (e.g. Airgeadas, Teicneolaíocht, Riosca, Dlí, Comhlíonadh, Rialú, Acmhainní Daonna agus Fóntais etc.).

Nótaí leis na Cuntais

(ar leanúint)

4. b) Luach Saothair agus Costais

Is é an tAire Airgeadais a leag luach saothair bhall den Bhord amach ag €12,600 sa bhliain do gach ball den Bhord.

Áirítear le luach saothair bhall den Bhord, a leagtar amach thuas, laghdú 10% ar tháillí a cheadaigh an Bord ar iarraidh an Aire Airgeadais in 2009.

Níor íocadh as aon chostais lenar bhain baill den Bhord in 2012.

Ní fhaigheann an Cathaoirleach ná an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin aon luach saothair i dtaca lena mballraíocht den Bhord. Ní bhfuair Robert Watt, ar ceapadh é do phost mar státseirbhíseach, aon luach saothair maidir lena bhallraíocht. Tharscaoil Gerry Murray a tháillí mar bhall den Bhord in 2012.

Luach Saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin 2012:

Tuarastal:	€297,000
Sochair inchánach	€24,097

Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin na teidlíochtaí caighdeánacha a shonraítear sa scéim aoisliúntais shochair shainithe de chuid na hearnála poiblí.

Is iad an NTMA a dheimhníonn luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin tar éis comhairle a fháil ó Choiste Comhairleach an NTMA. Chomhaontaigh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin 15 faoin gcéad dá thuarastal a tharscaoileadh ar iarraidh an Aire Airgeadais agus sonraítear an coigeartú seo thuas.

Tá luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin comhdhéanta de bhuntuarastal, sochair inchánach (árachas gluaisteáin agus sláinte) agus íocaíocht a bhaineann le feidhmíocht a mhéid le 60% den tuarastal bliantúil. Tharscaoil an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin aon bhreithniúchán ar phá a bhain le feidhmíocht i ndáil leis an mbliain 2012 (amhail a rinne sé cheana maidir le 2011 agus 2010).

Nótaí leis na Cuntais

(ar leanúint)

5. Féichiúnaithe

	2012 €	2011 €
Infhaighte ó Údaráis Stáit	1,188,320	966,695
Infhaighte ón Lárchiste	23,194	18,621
Infhaighte ón NTMA	-	836
	<u>1,211,514</u>	<u>986,152</u>

6. Creidiúnaithe

	2012 €	2011 €
Suimeanna dlite leis an Lárchiste	544,045	149,256
Táillí comhairleachta agus dlí atá iníoctha	734,465	740,918
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla atá iníoctha	78,113	82,998
CBL atá iníoctha	2,162	-
Cáin ar Phárolla atá iníoctha	5,729	7,341
Costais Fhabhráithe	5,640	5,639
	<u>1,370,154</u>	<u>986,152</u>

Nótaí leis na Cuntais

(ar leanúint)

7. An Lárchiste

- (a) Baintear costais Riaracháin an NDFA ón Lárchiste. Ullmhaítear na cuntais ar bhonn fabhruithe. Déantar ioncam an Lárchiste a réiteach le hairgead a úsáideadh chun íoc as na costais a leanas:

	2012 €	2011 €
Suimeanna a úsáideadh ón Lárchiste	38,588	54,022
Cistí a aistríodh ó 7 (b) thíos	19,595	19,877
Méadú / (laghdú) ar fhéichiúnaí an Lárchiste	3,737	7,341
Costais Riaracháin (Nóta 4)	61,920	81,240

- (b) Réamhíoctar suimeanna ón Lárchiste chun cistí a sholáthar chun íoc as táillí agus costais chomhairleacha sheachtracha a bhíonn tabhaithe ag an NDFA i gcur i gcrích a bhfeidhmeanna maoinithe agus comhairleacha maidir le tionscadail infheistíochta poiblí ar leith. Aiséilítear na táillí agus costais seo ó Údaráis Stáit agus aisíoctar na suimeanna a réamhíoctar ansin leis an Státchiste. Mínítear gluaiseacht na suimeanna a réamhíocadh leis an NDFA le linn na bliana mar seo a leanas:

	2012 €	2011 €
Dlite don Lárchiste ag tús na bliana	149,256	164,942
Réamhíoctha i rith na bliana	1,369,424	2,509,415
Aisíoctha i rith na bliana	(955,040)	(2,505,224)
Cistí a úsáideadh chun costais a sheach-chur a tabhaíodh in 7(a) thuas	(19,595)	(19,877)
Dlite don Lárchiste ag deireadh na bliana (Nóta 6)	544,045	149,256

Nótaí leis na Cuntais

(ar leanúint)

8. Cúlchistí Carntha

	2012 €	2011 €
Glanioncam don bhliain	-	-
larmhéid deiridh	Neamhní	Neamhní

9. Dlíteanais theagmhasacha

Ní raibh aon dlíteanais theagmhasacha ag an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2012.

10. Páirtithe gaolmhara

An tAire Airgeadais

Is é an tAire Airgeadais a cheap baill de Bhord na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais, faoi mar atá leagtha amach ar leathanach 3, faoi Alt 12 den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 2002.

Faoi Alt 7 den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, féadfaidh an tAire aisíocaíocht iasachtaí an NDFA a ráthú, nó aon sainchomhlacht a bhunaigh an Gníomhaireacht i bhfeidhmiú a ngníomhaíochtaí. Níor tugadh aon ráthanna dá leithéid sin le linn na tréimhse.

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

I gcomhréir le hAlt 11 den Acht um Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, 2002, tugann an NDFA faoina bhfeidhmeanna trí Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

11. Imeachtaí ó dháta an chláir chomhardaithe i leith

I Meitheamh 2013, d'fhógair an Rialtas tograí reachtúla chun rialachas corparáideach an NTMA agus dá ngníomhaireachtaí gaolmhara a chuíchóiriú. Is éard a bheidh i gceist leo seo ná chun Bord uileghabhálach an NTMA a bhunú a mbeidh an tAire Airgeadais freagrach as, mar aon le díscáileadh an Choiste Chomhairligh, Choiste Beartais Éileamh an Stáit, Choimisiún an NPRF agus Bhord an NDFA.

12. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais an 30 Bealtaine 2013.



Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta
Árasan Chisteáin,
Sráid na Canála Móire,
Baile Átha Cliath 2
Éire

Teil: 353 1 283 4000

Ríomhphost: info@ndfa.ie

Suíomh Gréasáin: www.ndfa.ie

